



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

ARDTEISTIMÉIREACTH

SIOLLABAS NA
SEAPÁINISE

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

CLÁIR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

Aidhmeanna agus Prionsabail

- Is í aidhm ghinearálta an oideachais ná cur le forbairt ghnéithe uile an duine, lena n-áirítear gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, criticiúla, cultúrtha, mothúchánacha, eispriseacha agus intleachtúla le haghaidh an tsaoil phearsanta agus sa bhaile, le haghaidh saol na hoibre, le haghaidh maireachtála sa phobal agus le haghaidh fóillíochta.
- Cuirtear Cláir na hArdteistiméireachta i láthair laistigh den aidhm ghinearálta seo, agus le béim ar leith ar mhic léinn a ullmhú do riachtanais an oideachais bhreise nó na hoiliúna, d'fhostaíocht agus dá ról mar shaoránaigh rannpháirteacha treallúsacha.
- Is í aidhm gach clár na hArdteistiméireachta leanúnachas le clár an Teastais Shóisearaigh agus dul chun cinn uaidh a sholáthar. Féadtar go n-athraíonn an t-uailú coibhneasta a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla - m.sh. forbairt phearsanta agus shóisialta (lena n-áirítear forbairt mhorálta agus spioradálta), gairmstaidéir agus ullmhúchán d'oideachas breise agus do shaol an aosaigh agus na hoibre - laistigh de na cláir.
- Maireann na cláir a mbíonn dámhachtain na hArdteistiméireachta orthu mar thoradh dhá bhliain agus tairgtear i dtrí fhoirm iad:
 - An Ardteistiméireacht (Bunaithe)
 - Gairmchlár na hArdteistiméireachta
 - An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Cuireann gach clár na hArdteistiméireachta béim ar thábhacht na rudaí a leanas, agus iad ag cur le hoideachas ardchaighdeán:
 - foghlaim fhéin-stiúrtha agus smaointeachas neamhspleách
 - meanma an fhiosraithe, smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, féintuilleamaí, tionscnaíocht agus fiontraíocht
 - ullmhúchán d'oideachas breise, do shaol an aosaigh agus na hoibre
 - foghlaim ar feadh an tsaoil

An Ardteistiméireacht (Bunaithe)

Tairgeann clár na hArdteistiméireachta (Bunaithe) oideachas leathan cothrom do mhic léinn agus ag ligean do roinnt speisialtóireachta san am céanna. Cuirtear siollabais ar fáil i réimse leathan d'ábhair. Tairgtear gach ábhar ag an Ghnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Ina theannta sin, tairgtear Matamaitic agus an Ghaeilge ag an mBonnleibhéal.

Baintear úsáid as an teistiméireacht chun críche roghnaithe d'oideachas breise, d'fhostaíocht, d'oiliúint agus d'ardoideachas.

Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCA)

Is idirghabháil é Gairmchlár na hArdteistiméireachta laistigh den Ardteistiméireacht (Bunaithe). Déanann mic léinn GCA íoslíon de chúig ábhar (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), lena n-áirítear an Ghaeilge agus dhá ábhar ó ghrúpálacha de ghairmábhair shainithe. Tá sé riachtanach dóibh fosta cúrsa aitheanta a dhéanamh i dteanga Eorpach nua-aimseartha, seachas an Ghaeilge nó an Béarla. Ina theannta sin déanann mic léinn trí Nasc-Mhodúl ar Oideachas an Fhiontair, ar Ullmhúchán d'Obair agus ar Thaití Oibre.

Go háirithe, is í aidhm an GCA meanma na fiontraíochta agus na tionscnaíochta a chothú i mic léinn agus a scileanna idirphearsanta, gairme agus teicneolaíochta a fhorbairt.

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár Ardteistiméireachta sainiúil féin-chuimsitheach é an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá sé deartha do na mic léinn siúd nach mian leo dul ar aghaidh go díreach go hardoideachas nó dóibh siúd nach ndéantar freastal imleor ar a riachtanais, a mianaidhmeanna agus a n-inniúlachtaí ag an dá chlár Ardteistiméireachta eile. Tá an Ardteistiméireacht struchtúrtha thart ar thrí phríomhchomhpháirt - Gairmullmhúchán, Gairmoideachas agus Oideachas Ginearálta atá idirghaolmhar agus idirspiléach. Is iad príomhthréithe an chlár seo ná eispéiris oideachasúla de nádúr gníomhach, praiticiúil agus dírithe ar an mhac léinn.



ARDTEISTIMÉIREACTH

SEAPÁINIS

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

Réamhrá

Creatlach Comhshiollabais Amháin

Tá Siollabas Seapáinise na hArdteistiméireachta bunaithe ar chreatlach chomhshiollabais chun Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis a mhúineadh.

Siollabas 'cumarsáideach' atá ann sa mhéid is go bhfuil sé bunaithe ar na rudaí sin a bheadh ag teastáil ó fhoghlaimoirí, nó riachtanach dóibh nó go mbeadh siad ag súil an t-eolas agus na scileanna

a fhoghlaimíonn siad sa rang a úsáid chucu. Tá sé cumarsáideach freisin sa mhéid is go leagtar amach spriocanna an tsiollabais i dtéarmaí úsáidte teangan. Múintear an tSeapáinis agus cultúr na Seapáine mar aon le scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá	3	2. Cuspóirí Iompraíochta Feasacht Teanga	17
Aidhmeanna Ginearálta	4	Foghlaim faoin tSeapáinis ó ábhar sa teanga sin	18
1. Cuspóirí Iompraíochta		Brí agus bríonna a scrúdú	19
Bunoilteacht		An ceangal idir teanga agus dearcadh a thuiscint	20
Chumarsáide	5	Labhairt agus scríobh faoin taithí atá agat ar an tSeapáinis	21
Bualadh le daoine agus aithne a chur orthu agus caidreamh sóisialta a choinneáil leo	6	Ábhair thagartha a scrúdú (foclóirí agus leabhair ghramadaí mar shampla) a bhaineann le focail agus gramadach na Seapáinise	22
Comhrá a choinneáil ar siúl	8	3. Cuspóirí Iompraíochta Feasacht Chultúrtha	23
Pleananna a cheapadh agus díospóireacht a dhéanamh faoi ghníomhaíocht sa todhchaí	9	Foghlaim sa sprioctheanga faoi chultúr na Seapáine agus na Seapánach sa lá atá ann inniu	24
Faisnéis faoin aimsir a thuiscint, a lorg agus a thabhairt	11	Léamh ó shliochtanna nua-aimseartha éagsúla sa sprioctheanga	25
Déileáil le cúrsaí iompair agus taistil	12	Cur síos agus plé a dhéanamh ar chúrsaí an tsaoil a bhaineann le pobal na sprioctheanga	26
Earraí agus seirbhísí a cheannach	13	Gnéithe den chaidreamh idir pobal na sprioctheanga agus Éirinn a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé	27
Déileáil le héigeandálaí	14	Gnéithe den chaidreamh idir pobal a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé	28
Gníomhaíocht a iarradh, a éascú nó a chosc.	15	4. Measúnú	29
Mothú nó dearcadh a thuiscint agus a chur in iúl	17	5. Aguisín: Liosta de na Kanji riachtanacha	32
Páirt a ghlacadh i ndíospóireacht	18		
Teachtaireachtaí a chur ar aghaidh	19		

Réamhrá

Struchtúr an tSiollabais

Is iad an dá phríomhchuid den siollabas ná na hAidhmeanna Ginearálta agus tacar de Chuspóirí Iompraíochta faoi leith. Is ó na hAidhmeanna Ginearálta a fhaightear na Cuspóirí Iompraíochta atá roinnte ina dtrí chuid. Cumas Cumarsáide, Tuiscint Teanga, and Tuiscint Cultúrtha. Mar fhocal scoir, tá cur síos ar chúrsaí measúnaithe le fáil faoin ceannteideal Measúnú. Ar an ábhar sin tá an siollabas leagtha amach mar seo a leanas:

- Aidhmeanna Ginearálta
- Cuspóirí Iompraíochta
 - Cumas Cumarsáide
 - Tuiscint Teanga
 - Tuiscint Cultúrtha
- Measúnú.

Is mar aonaid Gníomhaíochtaí/Téamaí atá ábhar an tsiollabais leagtha amach. Ceapadh na Spriocanna Feidhmíochta a bhealach a chabhróidh le múinteoirí agus le foghlaimeoirí scéimeanna oibre a cheapadh agus le cinntiú go dtuigfidh foghlaimeoirí na rudaí a bhfuiltear ag súil uathu maidir le gach Téama/Gníomhaíocht Ginearálta. **Leagfar béim ar scileanna teanga agus cumas cumarsáide na mac léinn nuair atá measúnú á dhéanamh ar a bhfuil déanta acu seachas ar eolas a bheith acu ar an bhfaisnéis atá in aon cuid faoi leith den siollabas.** Tá cuid de na scileanna teanga agus cumarsáide, lena n-áirítear eolas gramadúil, a bheidh ag teastáil ó na mic léinn chun na Spriocanna Feidhmíochta a bhaint amach le fáil i gCuid 1 mar Scileanna Teanga.

Bunoilteacht Chumarsáide

Baineann na cuspóirí a léirítear i gcuid 1 go príomha leis na dúshláin praiticiúla a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag foghlaimeoir nuair a bheadh sé/sí i bpobal ina labhraítear Seapáinis. Beidh baint ag a lán de na cuspóirí sa chuid seo leis na gníomhaíochtaí agus na díospóireachtaí sin ar dócha iad a bheith ar siúl nuair a úsáidtear an tSeapáinis sa seomra ranga.

Feasacht Teanga

Baineann na cuspóirí atá liostáilte faoi Thuiscint Teanga and Tuiscint Cultúrtha leis na dúshláin cumarsáide a bheadh le sárú laistigh agus lasmuigh den seomra ranga is atá tábhachtach chun cumas réasúnta cumarsáide a bhaint amach. Is féidir leo cabhrú go mór freisin leis an éifeacht atá ag foghlaim teanga chun feasacht a spreagadh faoi chúrsaí idirchultúrtha.

Neamhspleáchas an Fhoghlaimeora

Tá sé d'aidhm ag a lán de na Spriocanna Feidhmíochta sa chuid a bhaineann le Tuiscint Teanga neamhspleáchas na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn agus seans níos fearr a thabhairt dóibh dul chun cinn go rathúil trí na scileanna a thabhairt dóibh a gcuid foghlama féin a stiúradh. Is follas nach féidir na focail agus na struchtúir sin go léir a mbuailfidh foghlaimeoirí leo, nó a bheadh ag teastáil uathu nuair atá an tSeapáinis in úsáid acu, a chur sa siollabas. Beidh ar fhoghlaimeoirí straitéisí caidrimh a fhorbairt le déileáil le focail agus le struchtúir nár bhuail siad leo cheana féin agus ní hamháin go mbeidh eolas teanga i gceist ach beidh eolas faoi comhthéacs, eolas faoi chúlra agus mar sin de ag teastáil freisin.

Feasacht Chultúrtha

Ta sé riachtanach go mbeadh eolas ag duine ar dhifríochtaí cultúrtha má tá rath le bheith ar chumarsáid agus mura dtuigeann an té nach cainteoir dúchais é/í na pointí tagartha sóisialta, polaitiúla agus staire atá ag pobal na sprioctheanga d'fhéadfadh cumarsáid éifeacht a bheith dodhéanta.

Os rud é go bhfuiltear ag súil go dtacódh na cuspóirí i gCuid 3 le hoideachas cultúrtha agus idirchultúrtha i gcoitinne baineann na cuspóirí ní hamháin le phobal na Seapáine ach leis an ngaol atá acu le hÉirinn agus le saol na hÉireann, agus lena chois sin déanann siad tagairt do cheisteanna cultúir agus bíonn siad ag plé le ceisteanna a sháraíonn difríochtaí cultúrtha.

Idirdhealú Leibhéal

Ta sonraí a bhaineann leis na scrúduithe le fáil faoin teideal Measúnú. Tá sé lán chomh riachtanach don mhac léinn a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéal a bheith in ann cumarsáid a bheith aige/aici le pobal a labhraíonn Seapáinis is atá sé don mhac léinn Ardleibhéal. Ar an ábhar sin ní thugann an siollabas le fios nach mbeadh tascanna áirithe oiriúnach do mhic léinn Gnáthleibhéal toisc go bhféadfadh gach cuspóir iompraíochta a bheith tábhachtach do mhic léinn go léir is cuma cén leibhéal a bheadh á dhéanamh acu. Tá cur síos ar an cur chuige éagsúil maidir leis an dá leibhéal le fáil faoin teideal Idirdhealú

Aidhmeanna Ginearálta

Is iad seo a leanas na haidhmeanna ginearálta a mholann an siollabas chun mic léinn a ullmhú le haghaidh scrúdú Seapáinise na hArdeistiméireachta.

1. A leithéid de scileanna cumarsáide a chothú sna foghlaimeoirí is a chuirfidh ar a gcumas:
 - páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sa seomra ranga trí mheán na Seapáinise;
 - páirt a ghlacadh i ngnáth-idirbheartaíochtaí agus caidreamh laethúla idir labhartha agus scríofa sa bhaile agus thar lear trí mheán na Seapáinise;
 - eolas agus taitneamh a fháil ó mheáin agus ó litríocht ar fhusa í a thuiscint de chuid na Seapánach;
 - smaoineamh nárbh amaideach an maise dóibh a cheapadh go bhféadfadh siad caitheamh aimsire a bheith acu, nó tuilleadh staidéir a dhéanamh, agus/nó deiseanna gairmréime a bheith acu trí mheán na teanga sin.
2. Tuiscint criticiúil a thabhairt do na mic léinn ar an gcaoi a eagraítear brí agus a chuirtear in iúl í trí fhoclóir agus struchtúir na Seapáinise, agus cabhrú sa chaoi sin leo tuiscint a bheith acu ar an gcaoi a úsáideann daoine teangacha.
3. Cabhrú le foghlaimeoirí straitéisí a fhorbairt chun teanga a fhoghlaim go héifeachtach.
4. Tuiscint leathan a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar éagsúlacht na comhthéacsanna cultúrtha, sóisialta agus polaitiúla ina bhfuil an tSeapáinis in úsáid mar ghnáthmheán cumarsáide agus cabhrú leo sa chaoi sin tuiscint a bheith acu ar éagsúlachtaí cultúrtha, sóisialta agus polaitiúla i gcoitinne.

SEAPÁINIS DON ARDTEISTIMÉIREACTH

1. CUSPÓIRÍ IOMPRAÍOCHTA
BUNOILTEACTH
CHUMARSÁIDE

1. BUNOILTEACHT CHUMARSÁIDE

1.11.9 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

Casadh le daoine, aithne a chur orthu agus caidreamh sóisialta a choinneáil leo

Spriocanna Feidhmíochta

- Beannachtaí
- Sonraí pearsanta: ainm, seoladh, náisiúntacht agus uimhir theileafóin a thabhairt agus a iarradh
- Ceistanna a chur faoi chúrsaí staidéir agus oibre agus faoi ábhair spéise agus insint fúthu
- Plé a dhéanamh ar chúrsaí muintire agus baile - muintir agus baile an fhoghlaiméora agus daoine eile
- Ceistanna a chur faoin réigiún nó an áit ina bhfuil cónaí ar dhuine ann agus cur síos a dhéanamh air
- Ceistanna a chur faoi ghníomhaíochtaí laethúla agus cur síos a dhéanamh orthu
- Tríú pearsa a chur in aithne do dhuine nó do dhaoine
- Fiafraí cén chaoi a bhfuil duine
- Rath a ghuí ar dhuine
- Comhghairdeas a dhéanamh le duine
- Focal molta a rá le duine nó a ghlacadh uaidh/uaithi
- Leithscéalta a ghabháil

Scileanna Teanga

- Feasacht a spreagadh faoi oiriúnacht leaganacha éagsúla teanga
- Foghlaim an chaoi chun foirmeacha ceisteacha a úsáid i gceart agus na freagraí feiliúnacha a thabhairt

Struchtúir agus Gramadach

N は N です / ではありません。

N は N ですか。

お mar réamh-mhír onórach

ね mar mhír dheireanach abairte

に chun aimsir a chur in iúil

Focail cheisteacha m.sh.

• SIOLLABAS SEAPÁINISE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA •

- Cumas a chur in iúl

何 (なん・なに)、いつ、どこ
(どちら)、何人、何歳 (さい)、何時
N は N を (V) ます。
～から～まで
と brí míre 'agus'
の mar mharc sealbhach
Nができます / できません

1.2 Gníomhaíochta Ginearálta/Téama

Comhrá a choinneáil ar siúl

Spriocanna Feidhmíochta

- Comhrá a thosú
- Athrá nó soiléiriú a iarradh
- Dearbhú gur tuigeadh rud éigin
- Easpa tuisceana a chur in iúl
- Clabhsúr a chur ar chomhrá

Scileanna Teanga

- Eolas a chur ar na foirmlí le tús nó deireadh a chur le comhrá
- An méid a thuigtear rud a chur in iúl

Struchtúir agus Gramadach

Nができます / できません

ちょっとわかりません。

わかりました

英語で何ですか。

1.3 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Pleananna a cheapadh agus díospóireacht a dhéanamh faoi ghníomhaíocht sa todhchaí

Spriocanna Feidhmíochta

- Tairiscint rud a dhéanamh
- Cuspóir a chur in iúl
- Cuireadh a thabhairt
- Glacadh/Diúltú
- Geallta a thabhairt
- Socruithe a dhéanamh
- Socruithe a athrú nó a chur ar ceal
- Ceisteanna a chur faoi phleananna agus cur síos a dhéanamh orthu

Scileanna Teanga

- Dul i dtaithí ar choincheap na todhchaí
- Máistreacht a fháil ar an gcaoi lena chur in iúl céard atá ar intinn ag duine a dhéanamh
- Fáthanna a thabhairt
- Tuiscint a fhorbairt faoi ghrúpaí briathra

Struchtúir agus Gramadach

～たいです

N がほしいです。

～ませんか / ましょうか / ましょう

Nathanna Ama

で mar mhír áite i gcás briathra
gníomhacha ～ (に)

mar mhír threorach

～です (ます) から

Leagan foclóra + つもり / よていです

1.4 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Faisnéis a thuiscint, a lorg nó a thabhairt faoi chúrsaí aeráide nó aimsire

Spriocanna Feidhmíochta

- Ceistanna a chur faoi chúrsaí ginearálta aimsire i dtír, réigiún nó áit faoi leith nó cur síos a dhéanamh orthu
- Fáil amach ó na meáin chumarsáide nó ó fhoinsí eile faoin gcaoi a bheidh an aimsir i rith tréimhse áirithe
- Labhairt faoin aimsir
- Fiafraí an mbeadh gníomhaíochtaí áirithe mar thiomáint, scíáil, seoladh, taisteal d'aer, fánaíocht nó snámh indéanta faoi thosca áirithe aimsire

Scileanna Teanga

- Cur síos ar an aimsir
- Comparáid a dhéanamh ar an aimsir in áiteanna éagsúla
- Aidiachtaí agus ainmfhocail a nascadh le chéile

Struchtúir agus Gramadach

Aidiacht です/ではありません
い aidiacht/ な aidiacht
~のほうが~より aidiacht です
Ainmfhocal と Ainmfhocal
とでは、どちらが aidiacht ですか
Ainmfhocal / な aidiacht で、
い aidiacht くて、

1.5 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama

Déileáil le cúrsaí iompair agus taistil

Spriocanna Feidhmíochta

- Treoracha a iarradh
- Treoracha a thabhairt
- Suíocháin, leapacha boinc nó cábáin a chur in áirithe ar thraenacha, busanna, longa agus eitleáin agus iad a éileamh.
- Áirithintí a athrú nó a chur ar ceal
- Áirithintí a dhearbhú
- Plé a dhéanamh faoi shonraí aistir agus cinntí a dhéanamh fúthu
- Fiafraí faoi shaoráidí (seomra níos áiseanna, sólaistí)

Scileanna Teanga

- Eolas a thabhairt nó a fháil faoi shuíomh áirithe

Struchtúir agus Gramadach

に mar mhír áite le haghaidh briathra
neamhghníomhacha ~があります / か
/ ~がありません
~て leagan
まっすぐ行くと、右にあります

1.6 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama

Earraí agus seirbhísí a cheannach

Spriocanna Feidhmíochta

- Na meáin agus seirbhísí teileafóin a úsáid le fáil amach an bhfuil earraí agus seirbhísí áirithe ar fáil
- Airgead nó seiceanna a mhalartú i mbainc nó in oifigí malartaithe airgid
- Fiafraí faoi mhodh íocaíochta i.e. an bhfuil seiceanna taistil nó cártaí creidmheasa inghlactha mar mhodh íocaíochta.
- Sonraí cártaí creidmheasa a thabhairt
- Bia a ordú i mbialanna Seapánacha
- Idirbheartaíocht a dhéanamh faoi chúrsaí cíosa agus praghas
- Lascaine, aisíoc nó earra in ionad a iarraidh
- Caighdeán earraí nó seirbhísí a mholadh nó a cháineadh

Scileanna Teanga

- Comhaireamh
- Béarlágair teileafóin
- Moladh nó cáineadh a dhéanamh

Struchtúir agus Gramadach

Ainmfhocal をください
Ainmfhocal をおねがいします
これ、それ、あれ、どれ
この、その、あの、どの
Aidiacht+Ainmfhocal

1.7 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Déileáil le héigeandálaí

Spriocanna Feidhmíochta

- Cabhair a iarraidh ó dhaoine sa chomharsanacht lena n-áirítear leas a bhaint as bosca na bpóilíní
- An teileafón a úsáid le glaoch ar na póilíní, cabhair míochaine a iarraidh nó glaoch ar an seirbhís dóiteáin nó seirbhís éigeandála i gcás cliseadh feithiclí
- Cur síos a dhéanamh ar ghuais nádúrtha mar chrith talún nó ar thimpiste, cliseadh feithicle, goid nó ionsaí.
- Iarradh go gcuirfí i dteagmháil thú le hambasáid do thíre

Scileanna Teanga

- Cuntas a thabhairt ar rud a tharla san am atá thart
- Práinn a chur in iúl

Struchtúir agus Gramadach

V ました / か / ませんでした
Dobhriathra
～てしまいました

1.8 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Gníomhaíocht áirithe a iarradh, a éascú nó a chosc

Spriocanna Feidhmíochta

- Iarratais a dhéanamh nó diúltú dóibh
- Garanna, cabhair nó comhairle a iarraidh
- Comhairle a thabhairt
- Moltaí a dhéanamh
- Cead a iarraidh rud éigin a dhéanamh
- Ordú do dhuine rud a dhéanamh nó gan é a dhéanamh
- Cur síos a dhéanamh ar bhreiteacht

Scileanna Teanga

- Cead a thabhairt nó a iarraidh
- Comhairle a thabhairt nó a iarraidh
- An leibhéal feiliúnach teanga a aithint maidir le rud a chosc
- Cumas agus féidearthacht a chur in iúl

Struchtúir agus Gramadach

～てもいいです / か

～た leagan

～たほうがいいです

～たらいいですか

～ない leagan

～ないでください

～てしまいました

Leagan foclóra + ことができます

1.9 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Mothaithe agus dearcadh a thuiscint agus a chur in iúl

Spriocanna Feidhmíochta

- Dóchas a chur in iúl
- Taitneamh a chur in iúl
- Rudaí nach maith leat agus rudaí ab fhearr leat a chur in iúl
- Iontas a chur in iúl
- Aiféala a chur in iúl
- Díomá a chur in iúl
- Uafás nó náire a chur in iúl
- Creideamh nó díchreideamh a chur in iúl
- Cinnteacht nó éiginnteacht a chur in iúl
- Buíochas a chur in iúl

Scileanna Teanga

- An méid a thaitníonn rud leat nó nach dtaitníonn sé leat a chur in iúl
- Leaganacha oiriúnacha teanga a úsáid chun rudaí a thaitníonn leat nó nach dtaitníonn leat a chur in iúl
- Leaganacha oiriúnacha teanga a úsáid chun mothaithe a chur in iúl.
- Cur síos ar staid mhothúcháinach
- Idirdhealú a dhéanamh idir leagan lom agus leagan múinte

Struchtúir agus Gramadach

～が好き / 好きでは (じゃ) ありません

Leagan caite na n-aidiachtaí

～ています

Leagan lom

Leagan lom + かもしれません

Ainmfhocal / な aidiaicht

になります い aidiaicht ～くなります

1.10 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Páirt a ghlacadh i ndíospóireacht

Spriocanna Feidhmíochta

- Barúil a thabhairt faoi rud
- A b(h)arúil a iarradh ar dhuine
- Tabhairt le fios go bhfuil rud fíor nó bréagach
- Rudaí a shéanadh
- Aontú nó easaontú le tuairim dhuine
- Teach ar chomhréiteach
- Pointí a chur in eagar le linn díospóireachta
- Clabhsúr a chur le díospóireacht

Scileanna Teanga

- An leagan oiriúnach teanga a úsáid chun barúil a chur in iúl
- Cónaisc a úsáid chun abairtí a nascadh le chéile
- Aizuchi a úsáid go hoiriúnach
- An bealach oiriúnach le heasaontas a chur in iúl

Struchtúir agus Gramadach

Leagan lom + と思います

しかし、～が、ですから
でも、だから、けれども / けれど /
けど

～たことがあります。

～たり～たり

1.11 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama Teachtaireachtaí a chur ar aghaidh

Spriocanna Feidhmíochta

- Tairiscint go dtabharfaidh tú teachtaireacht
- Teachtaireacht a thabhairt do dhuine éigin
- A chur in iúl a phráinní nó a thábhachtaí is atá teachtaireacht
- Déileáil le teachtaireachtaí ar ghléas freagartha

Scileanna Teanga

- Rud a thabhairt nó a fháil
- Leagan oiriúnach teanga a úsáid ar an teileafón

Struchtúir agus Gramadach

Duine に Ainfhocal をあげます
Duine に / から Ainfhocal をもらいます
ともだちが本をくれました

SEAPÁINIS DON ARDTEISTIMÉIREACTH

**2. CUSPÓIRÍ IOMPRAÍOCHTA
FEASACTH TEANGA**

2. FEASACHT TEANGA

2.1 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Foghlaim faoi Sheapáinis ó ábhar sa teanga sin

Spriocanna Feidhmíochta

- Príomheilimintí in ábhair Seapáinise a thuiscint a bhaineann le cúrsaí teanga ar nós:
 - teanga mar cheist shóisialta, réigiúnach agus oideachais
 - athruithe sa teanga agus in úsáid na teanga (focail nua, tionchar ón iasacht, is araile)
- Téacsanna i Seapáinis a úsáid mar fhoinsé faisnéise agus léirithe (seánraí, comhthéacsanna agus leaganacha teanga)

2.2 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Brí agus bríonna a scrúdú

Spriocanna Feidhmíochta

- Na príomhphointí a bhaint as ábhar labhartha nó scríofa
- Fáil amach cad iad na tagairtí intuigthe atá in ábhar labhartha nó scríofa
- Foghlaim faoin chaoi a fheidhmíonn an tSeapáinis trí ghníomhaíochtaí ar nós:
 - Téacs leanúnach a chur le chéile athuair ó ailt/ clásail/ nathanna atá measctha le chéile
 - Píosa ciallmhar comhleanúnach Seapáinise a dhéanamh d'abairtí sa teanga sin a bhfuil bearnaí iontu.

2.3 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

An ceangal idir teanga agus dearcadh a thuiscint

Spriocanna Feidhmíochta

- Éirim ginearálta (íoróna, feargach, breastaíoch is araile) na teanga labhartha nó scríofa a aithint ón léacsas, an gramadach agus an tuin chainte a úsáideadh.
- Dearcadh té atá ag scríobh nó ag caint (criticiúil, tacúil, moltach nó cáinteach mar shampla) a aithint ón gcaoi a úsáideann an té sin an teanga

2.4 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Scríobh agus labhairt faoin taithí atá agat ar úsáid an sprioctheanga

Spriocanna Feidhmíochta

- Labhairt faoi ghnéithe den taithí agat ar úsáid an sprioctheanga, cosúil le:
 - an méid ama atá tú á foghlaim
 - an áit ina bhfuil tú á foghlaim
 - an tairbhe a bhaineann lena foghlaim ó thaobh úsáid na teanga sin ar fud an domhain
 - rudaí a chuaigh deacair ort, nó a bhí éasca, agus tú á foghlaim
 - na rudaí a thaitníonn leat agus nach dtaitníonn leat maidir leis an gcaoi a bhí sí á foghlaim agat
- Cur síos a dhéanamh ar aon chaoi a ndearna tú do sciar féin maidir le próiseas foghlama na teanga agus do bharúil a thabhairt faoi.
- Cur síos a dhéanamh ar na bealaí a ndeachaigh foghlaim na Seapáinise i gcion ar an saol atá agat faoi láthair (cairde nua mar shampla, nó taitneamh a bhaint as leabhair nó scannáin, cúrsaí amharclainne, úsáid na n-ealaíon comhraic, an dearcadh atá agat ar chultúr na Seapáinise) agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith agat amach anseo (taisteal, deiseanna gníomhréime, tuilleadh foghlama teanga is araile)

2.5 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Leas a bhaint as ábhair thagartha (e.g. foclóirí agus leabhair ghramadaí) a bhaineann le foclóir agus gramadach na Seapáinise

Spriocanna Feidhmíochta

- Focail agus *kanji* a úsáid ar bhealach feiliúnach cruinn le cabhair foclóirí.
- Dul i ngleic le foclaíocht gramadaí na Seapáinise
- Leaganacha cainte na Seapáinise a úsáid le cabhair na míniúchán a thugtar sna leabhair ghramadaí.

SEAPÁINIS DON ARDTEISTIMÉIREACTH

**3. CUSPÓIRÍ IOMPRAÍOCHTA
FEASACTH CHULTÚRTHA**

3. Feasacht Chultúrtha

3.1 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Foghlaim faoi chultúr na Seapáine agus na Seapánach sa lá ata inniu ann trí mheán na Seapáinise

Spriocanna Feidhmíochta

- An bunbhrí a bhaint as ábhar scríofa nó labhartha faoi shaol mhuintir na Seapáine faoi láthair ar nós na nithe seo a leanas:
 - gníomhaíochtaí laethúla mar shiopadóireacht, taisteal chun oibre, ithe agus ól agus mar sin de
 - oideachas
 - nósanna agus traidisiúin
 - cúrsaí ealaíon agus siamsaíochta
 - réim agus ról na meán cumarsáide

3.2 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Léamh ó shleachta nua-aimseartha éagsúla sa tSeapáinis

Spriocanna Feidhmíochta

- Bunbhrí na céille is follasaí a bhaint as téacs sa tSeapáinis.
- An ciall a aithint atá i dtéacs ach nach luaitear go follasach í.
- "Éirim" a leithéid de théacs a thuiscint

3.3 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Cur síos a dhéanamh ar chúrsaí ghnáthshaol mhuintir na Seapáine agus plé a dhéanamh orthu

Spriocanna Feidhmíochta

- Cur síos a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir gnáthshaol na hÉireann agus na Seapáine agus tagairt faoi leith a dhéanamh do:
 - na háiteanna ina mhaireann daoine (tithíocht agus troscán) agus an saol atá acu
 - an t-oidreachas a chuirtear ar dhaoine
 - cúrsaí oibre agus cultúr na hoibre
 - gnáthchostais agus costais mhaireachtála agus na torthaí atá orthu
 - laethanta saoire agus an leas a bhaineann daoine astu
 - an chaoi a chaitheann daoine an t-am saor atá acu
 - na córais iompair atá ar fáil
 - na saoráidí a mbíonn daoine ag súil leo ina mbailte móra, ina gcathracha agus ina sráidbhailte
 - na rudaí a itheann agus a ólann daoine agus na háiteanna agus na huaireanta a ndéanann siad é sin
 - na cineálacha siopaí atá ar fáil
 - na cineálacha seirbhísí poiblí atá ar fáil (scoileanna, ospidéal, hallaí gleacaíochta agus linnte snámha mar shampla)
 - Céad iad na gnéithe sin den timpeallacht aiceanta a ndéantar tagairt dóibh go minic le linn comhrá agus/nó a bhfuil baint acu le cúrsaí oibre nó caitheamh aimsire
 - féiltí agus ceiliúradh
- Plé a dhéanamh ar na buntáistí atá ag saol na hÉireann agus saol na Seapáine faoi sheach i gcás na réimsí a luadh thuas.
- Na difríochtaí idir iompar sóisialta in Éirinn agus sa tSeapáin maidir le gnáthchúrsaí an lae agus an baol atá ann go bhféadfadh míthuiscintí a bheith ann, go maslófaí daoine nó go mbeadh ceann faoi orthu dá mbarr.
- Steiréitíopaí náisiúnta a scrúdú go criticiúil

3.4 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

Gnéithe den chaidreamh idir phobal an sprioctheanga agus Éirinn a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé

Spriocanna Feidhmíochta

- Cur síos ginearálta a dhéanamh ar na naisc idir Éirinn agus an tSeapáin (cúrsaí tionscail, cultúir, litríochta, turasóireachta, spóirt agus mar sin de)
- Barúlacha a thabhairt gur mhaith an rud é naisc na hÉireann leis an tSeapáin a choinneáil, a fhorbairt nó a athrú, agus na tuairimí sin a chosaint

3.5 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Ceisteanna a sháraíonn deighiltí náisiúnta a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé

Spriocanna Feidhmíochta

- Díospóireacht a dhéanamh ar cheisteanna mar:
 - cultúr na ndéagóirí
 - dealú idir ghlúine
 - “siamsaíocht”
 - cúrsaí comhshaoil agus éiceolaíochta
 - cothroime inscne agus cine
 - mionlaigh eitneacha
 - sláinte agus modhanna maireachtála
 - dearcadh atá ag athrú maidir leis an
 - gcaidreamh idir dhaoine – cúrsaí pósta agus teaghlaigh agus mar sin de
 - comhcheangail Dhomhanda (ar fud imeall an Aigéin Chiúin, an tAontas Eorpach, is araile)
 - An Tríú Domhan
- Cur síos ar an gcaoi a théann ceisteanna mar sin i gcion ar dhaoine in Éirinn agus sa tSeapáin

SEAPÁINIS DON ARDTEISTIMÉIREACT

4. MEASÚNÚ

4. MEASÚNÚ

Is ar ábhar an tsiollabais a bheidh tascanna an scrúdaithe bunaithe i gcónaí

síos a dhéanamh, eolas a fháil agus a thabhairt, mínithe a thabhairt, agus smaointe, tuairimí agus mothúcháin a nochtadh.

Roghnóidh na scrúdaitheoirí réimse eilimintí ón siollabas a bheidh go measartha ionadaíoch gach bliain

1. Prionsabail Ghinearálta

- a) Ba chóir go mbeadh iarrthóirí ullmhaithe déileáil le cásanna agus tascanna ó ábhar iomlán an tsiollabais, agus iad curtha i dtoll a chéile ar bhealaí éagsúla.
- 1.2 Beidh dealramh nádúrtha an tsaol ar na tascanna a bheidh le déanamh maidir le scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireacht agus scríbhneoireachta sa scrúdú nó ullmhúcháin a bheidh iontu le haghaidh tascanna dáiríre.
- 1.3 Beidh dealramh fíor-nádúrtha ar an gcineál teanga a úsáidfear sna tascanna éisteachta agus léitheoireachta, chomh fada agus is féidir sin, agus beidh na foghlaimoírí in ann tairbhe a bhaint astu.
- 1.4 Bainfidh measúnú na gceithre scileanna atá i gceist go príomha le glacadh agus tarchur.

2. Príomhchuspóirí

Déanfar na hiarrthóirí a mheasúnú ar a gcumas:

- a) Seapáinis labhartha a thuiscint ina míreanna gearra agus ina bpíosaí níos faide agus iad sin i gcomhthéacsanna difríochta agus i leaganacha éagsúla teanga.
- b) Seapáinis scríofa a thuiscint ina míreanna gearra agus ina sleachta níos faide agus iad sin i leaganacha éagsúla teanga.
- c) iad féin a chur in iúl de bhéil agus i scríbhinn go réasúnta líofa cruinn as Seapáinis d'fhonn cur

3. Idirdealú

Is í aidhm an tsiollabais seo freastal ar mhic léinn a bhfuil réimse leathan cumais Seapáinise acu.

Déanfar measúnú ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Cé go bhfuil an siollabas céanna ann don dhá ghrúpa beidh úsáid teanga ar leibhéal éagsúla choimpléascachta i gceist sna spriocanna feidhmíochta. Beidh an t-idirdhealú seo le sonrú

- (a) i gcoimpléascacht na teanga a roghnófar chun críche measúnaithe le haghaidh an dá leibhéal
- (b) i nDáileadh marcanna/Measúnú Scileanna

Tagann scileanna éisteachta agus léitheoireachta chun cinn níos tapúla sa próiseas sealbhaithe teanga ná scileanna labhartha agus scríbhneoireachta. Tabharfar níos mó marcanna do scileanna éisteachta agus léitheoireachta sa mheasúnú a dhéanfar don Ghnáthleibhéal ná mar a thabharfar dóibh sa mheasúnú don Ardleibhéal.

DÁILEADH MARCANNÁ

ARDLEIBHÉAL		GNÁTHLEIBHÉAL	
Labhairt	25%	Labhairt	25%
Cluasthuiscint	20%	Cluasthuiscint	25%
Léamhthuisicint	30%	Léamhthuisicint	30%
Scríbhneoireacht	25%	Scríbhneoireacht	20%

- (c) Critéir Mheasúnaithe

Cuirfidh siad seo san áireamh:

- (i) cumas ciall a bhaint as ábhar nó a chur in iúl
 - beachtas agus oiriúnacht na teanga, lena n-áirítear raon an stóir focal agus na struchtúr a úsáidtear.

4. Formáid

Déanfaidh an scrúdú cumas iarrthóra a mheas i dtaca le:

- (a) an teanga labhartha a thuiscint
- (b) an teanga scríofa a thuiscint
- (c) an teanga a labhairt le cumarsáid a dhéanamh
- (d) an teanga scríobh le cumarsáid a dhéanamh

Is ar chlár an ábhair a bhunófar na tascanna le haghaidh na Spriocanna Measúnaithe.

Measúnú Béil

Beidh na codanna seo a leanas mar chuid den mheasúnú béil

- (a) comhrá ginearálta bunaithe ar a bhfuil sa siollabas
- (b) rólghlacadh
- (c) téama an rólghlactha a fhorbairt trí dhíospóireacht
- (d) cur síos ar phictiúr agus plé a dhéanamh ar théamaí nó topaicí gaolmhara

Fiche nóiméad an duine a bheith ag gach iarrthóir

Cluasthuiscint

Beidh ar iarrthóirí éisteacht le téipthaifeadadh agus ceisteanna a fhreagairt as Béarla nó Gaeilge faoina bhfuil cloiste acu. Beidh orthu éisteacht le réimse rudaí éagsúla bunaithe ar chlár an tsiollabais, lena n-áirítear comhráití idir dhaoine, fógraí poiblí agus míreanna ón raidió nó ó fhoinsí eile, agus beidh orthu a léiriú gur thuig siad an fhaisnéis ghinearálta agus sonraí faoi leith a chuala siad.

Léamhthuiscint

Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann tuiscint a léiriú ar chineálacha éagsúla téacsanna, ar nós comharthaí poiblí, biachláir, amchláir, bróisiúir, treoirleabhair, litreacha agus ailt (shimplithe) ó nuachtáin nó irisí agus faisnéis bhainteach faoi leith a bhaint astu. Cuirfidh tascanna ag Ardleibhéal cúraimí níos mó ar an iarrthóir agus beith orthu na leibhéil éagsúla bhrí atá i dtéacs a iniúchadh.

Obair Scríofa

Tabharfar tascanna don iarrthóir an tSeapáinis a úsáid chun críche cumarsáide ar nós freagraí a thabhairt ar bhealach oiriúnach ar ábhair scríofa nó ábhar eile a thaispeánfar dóibh, eolas a thabhairt agus a fháil, cur síos a dhéanamh, cuntais agus mínithe a thabhairt, rudaí a insint, achoimrithe nó formhínithe a thabhairt, srl.

Aguisín: Liosta de na Kanji riachtanacha

Daoine, teaghlach, réigiúin

人、男、女、子、父、母、私、名、英
東、西、南、北、国、外、田、山、川、森、林

Socruithe a dhéanamh

日、月、火、水、木、金、土
年、時、分、午、今、每、週、間、半

An aimsir

風、雨、天、氣

Cúrsaí taistil

出、入、口、上、中、下、右、左、前、後
車、電、駅

Siopadóireacht

一、二、三、四、五、六、七、八、九、十、百、千、万、円
本、
大、小、高、安、中、新
買、物

Mothúcháin

好、元、思

Teachtaireachtaí

話、言、聞、書、続、語

Breiteachtaí éagsúla

体、耳、目、手、休

Briathra agus ainmfhocail ilchineálacha

学、高、先、生、行、来、食、飲、見、勉、強、校、何

[ÍOMHÁ]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Nósanna imeachta maidir le Siollabais Náisiúnta a dhréachtú

Seo a leanas ballraíocht Choistí Cúrsa an CNCM don
Ardteistiméireacht (Bunaithe):

- *Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire*
- *Aontas Múinteoirí Éireann*
- *Comhchoiste na mBainisteoirí*
- *Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha*
- *Cumann na nÁbhar*
- *An Cumann Gairmoideachais in Éirinn*
- *Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais*
- *Comhdháil Cheannasaithe na nOllscoileanna in Éirinn*
- *An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (na Cigirí)*
- *Coimisiún na Scrúduithe Stáit*

Ar bhonn sainchúraim a chuireann an Chomhairle ar fáil,
ullmhaíonn Coistí Cúrsa an CNCM na siollabais.

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsa faoi bhráid Chomhairle an
CNCM le haghaidh ceadaithe. Tar éis dóibh machnamh a
dhéanamh ar a leithéid de mholtaí, tugann an CNCM comhairle
don Aire Oideachais agus Eolaíochta dá réir sin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus teagmháil a dhéanamh leis an
CNCM ag 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

[íomhá]
AN ROINN OIDEACHAIS
AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF SCIENCE
AND EDUCATION

[ÍOMHÁ]
An Chomhairle
Náisiúnta Curaclaim
agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and
Assessment

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair

Le ceannach go díreach ó:
Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais
Teach Sun Alliance
Sráid Molesworth, Baile Átha Cliath 2.

Nó trí phostdhíol ó:
Foilseacháin an Rialtais, Earnáil Trádála Poist,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-647 6834/5 Facs: 01-647 6843

Nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas: €1.90

Arna dhearadh ag: Boyd Freeman Design

© 2004 Rialtas na hÉireann